M.22T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú Ardteistiméireachta, 2004

**STAIR - ARDLEIBHÉAL**

(400 marc)

**DÉ MÁIRT, 15 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 5.20**

---

**Ná freagair ach as AON CHÚRSA AMHÁIN (Cúrsa I nó Cúrsa II).**
**Tá an líon céanna marcanna ar gach ceist.**

---



THALL →

# CÚRSA I

## Sibhialtacht an Renaissance

## (Stair na hÉireann, 1477-1625; Stair na hEorpa, 1453-1618)

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna, **A,B,C,D,E.**

### A

**A.1. Anraí VII**
"Ba bheag suim a bhí ag Anraí VII in Éirinn le linn dó a bheith i réim, 1485 – 1509." Déan plé ar sin.
(80)

**A.2. An Pháil**
Déan trácht ar dhálaí polaitiúla, ar dhálaí sóisialta agus ar dhálaí eacnamaíocha sa Pháil timpeall 1500.
(80)

**A.3. Éire na nGael**
"Bhí saintréithe ar leith ag baint le hÉire na nGael i dtréimhse na dTúdarach ó thaobh saol na ndaoine agus saol na cléire de." Déan plé ar sin.
(80)

**A.4. Athruithe i gCúrsaí Creidimh**
Déan plé ar chomh mór agus a tharla athruithe i gcúrsaí creidimh in Éirinn i réimeas Anraí VIII agus i réimeas Éadbhard VI, 1509 – 1553.
(80)

**A.5. An Bhanríon Máire Túdar**
Déan plé ar pholasaithe creidimh agus ar pholasaithe polaitiúla na Banríona Máire Túdar in Éirinn, 1553 – 1558.
(80)

### B

**B.1. Eilís I**
Déan plé ar chás na gCaitliceach in Éirinn agus é ag athrú i rith réimeas Eilís I, 1558 - 1603.
(80)

**B.2. Imshocraíocht Chonnacht**
Déan plé ar na fadhbanna a bhí le sárú ag rialtas Eilíse i gConnachta agus ar an gcaoi ar láimhseáil an rialtas na fadhbanna sin.
(80)

**B.3. Cumhachtaí Eorpacha agus Éire**
Déan trácht ar an mbaint a bhí ag Cumhachtaí Eorpacha le cúrsaí na hÉireann sa tréimhse ina raibh Eilís I i réim.
(80)

**B.4. An Cogadh Naoi mBliana**
Tabhair cúiseanna gur éirigh go maith le hAodh Ó Néill i dtús ama sa Chogadh Naoi mBliana ach gur theip air sa deireadh thiar.
(80)

**B.5. Séamas I**
Déan plé ar cheist na plandála agus ar cheist na gCaitliceach mar ghnéithe de rialtas na hÉireann i rith réimeas Shéamas I, 1603 – 1625.
(80)

### C

**C.1. Monarcachtaí**
Déan plé ar na modhanna a d'úsáid duine **amháin** díobh seo le bheith "*ina mháistir ar a ríocht*".
Louis XI na Fraince, 1461 – 1483;
Anraí VII Shasana, 1485 – 1509;
An tImpire Maximilian I, 1493 – 1519.
(80)

**C.2. An Renaissance san Iodáil**
"Bhain an Renaissance san Iodáil le cruthaitheacht i gcúrsaí ealaíon agus le dearcadh nua maidir le cúrsaí an tsaoil."
Déan plé ar sin.
(80)

**C.3. Erasmus**
Déan plé ar Desiderius Erasmus maidir lena ghníomhréim agus maidir leis na rudaí a chuir sé i gcrích, 1468 – 1563.
(80)

**C.4. Leathnú Eorpach thar lear**
Mínigh cén fáth ar leathnaigh an Spáinn agus an Phortaingéil thar lear agus conas a bhí tionchar ag an leathnú sin ar an Eoraip.
(80)

**C.5. Ivan an Uafáis, Sár na Rúise**
"Rinne Ivan an Uafáis iarracht a chuid cumhachta a mhéadú laistigh den stát agus teorainneacha an stáit a leathnú."
Déan plé ar sin.
(80)

## D

**D.1. Martin Luther**
Déan plé ar an mbaint a bhí ag Martin Luther leis an Reifirméisean sa Ghearmáin.
(80)

**D.2. An Cailvíneachas**
Cé chomh mór agus a chuaigh tuairimí Chalvin i bhfeidhm sa Ghinéiv le linn dó a bheith i gceannas sa chathair?
(80)

**D.3. Séarlas V**
Cé chomh maith agus a d'éirigh le Séarlas V maidir lena aidhm an Protastúnachas a chur faoi chois agus a bheith i gceannas ar chrosáid in aghaidh na dTurcach?
(80)

**D.4. Pilib II**
Déan plé ar an dearcadh go raibh réimeas Philib II (1556-1598) ina thubaiste don Spáinn.
(80)

**D.5. An Cogadh Tríocha Bliain**
"Níorbh é an creideamh an t-aon chúis amháin a bhí leis an gCogadh Tríocha Bliain."
Déan plé ar sin.
(80)

## E

**E.1. Éire, 1477 – 1625**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar taighde i stair na hÉireann, 1477 – 1625, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **A** agus i Roinn **B**. (56)

**(ii)** Ainmnigh go hiomlán **DHÁ** fhoinse a scrúdaigh tú i do chuid taighde agus tabhair breithmheas gairid ar cheann **AMHÁIN** díobh. (14)

**(iii)** Ainmnigh **DHÁ** scil de chuid an staraí atá faighte agat as taighde a dhéanamh ar d'ábhar agus taispeáin mar a chuir tú na scileanna sin i bhfeidhm. (10)

**E.2. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Buitléirigh Urmhumhan suas go dtí bás Anraí VIII, 1547.
**(ii)** An polasaí a bhain le Géilleadh agus Athbhronnadh.
**(iii)** Seán Ó Néill.
**(iv)** Mná in Éirinn sa séú haois déag.
**(v)** Na Gaeil san Eoraip sa séú haois déag agus i dtús an seachtú haois déag.
(80)

**E.3. An Eoraip, 1453 – 1618**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar taighde i stair na hEorpa, 1453 – 1618, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **C** agus i Roinn **D.** (56)

**(ii)** Ainmnigh go hiomlán **DHÁ** fhoinse a scrúdaigh tú i do chuid taighde agus tabhair breithmheas gairid ar cheann **AMHÁIN** díobh. (14)

**(iii)** Ainmnigh **DHÁ** scil de chuid an staraí atá faighte agat as taighde a dhéanamh ar d'ábhar agus taispeáin mar a chuir tú na scileanna sin i bhfeidhm. (10)

**E.4. Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Savonarola, 1452 – 1498.
**(ii)** Mar a leag Fernando agus Isabella an bhunchloch le haghaidh aontacht agus cumhacht na Spáinne.
**(iii)** Leasú na hEaglaise Caitlicí i rith an Fhrithreifirméisin.
**(iv)** Anraí IV na Fraince, 1589 – 1610.
**(v)** Forbairtí san eolaíocht agus i gcúrsaí leighis, 1453 - 1618.
(80)

## CÚRSA II

### Sibhialtacht na Linne Seo

### (Stair na hÉireann, 1868-1966; Stair na hEorpa, 1870-1966)

**CÚIG CHEIST** a fhreagairt. Ná freagair ach ceist **AMHÁIN** as gach ceann de na ranna **A,B,C,D,E.**

### A

**A.1. W. E. Gladstone**
Déan plé ar an bpáirt a ghlac Gladstone i gcúrsaí na hÉireann, 1868 – 1894.
(80)

**A.2. C. S. Parnell**
Déan plé ar an dearcadh gur thug Parnell ceannaireacht den scoth i rith a shaoil pholaitiúil.
(80)

**A.3. Na Coimeádaigh agus Éire**
Déan plé ar pholasaithe Éireannacha na rialtas Coimeádach sa tréimhse, 1886 – 1906.
(80)

**A.4. Náisiúnachas Cultúrtha**
Cén tábhacht a bhain le Cumann Lúthchleas Gael agus le Conradh na Gaeilge agus féiniúlacht na tíre á múnlú sna blianta roimh 1916?
(80)

**A.5. Ón gConradh go dtí an Cogadh Cathartha**
Cén fáth go raibh scoilt chomh mór sin sa Dáil faoi cheist an Chonartha Angla-Éireannaigh (1921) agus cén chaoi ar eascair Cogadh Cathartha as an scoilt sin?
(80)

### B

**B.1. Críochdheighilt**
Déan plé ar an tionchar a bhí ag an gcríochdheighilt ar Éirinn, Thuaidh agus Theas, 1922 – 1966.
(80)

**B.2. Cumann na nGaedheal**
"Slándáil, an geilleagar agus caidreamh Angla-Éireannach, b'shin iad na rudaí ar dhírigh Cumann na nGaedheal orthu le linn dóibh a bheith i gcumhacht, 1923 – 1932."
Déan plé ar sin.
(80)

**B.3. Caidreamh Angla-Éireannach**
Déan plé ar an gcaoi ar dhéileáil Eamon de Valera le caidreamh Angla-Éireannach, 1932 - 1945.
(80)

**B.4. Gluaiseacht an Lucht Oibre**
Déan plé ar an scéal mar a bhí ag gluaiseacht an Lucht Oibre in Éirinn, 1922 – 1966.
(80)

**B.5. Seán Lemass**
"An téarma a chaith Seán Lemass ina Thaoiseach (1959 – 1966) ba théarma rí-thábhachtach é i dtréimhse ina raibh mear-athrú ag tarlú."
Déan plé ar sin.
(80)

### C

**C.1. Bismarck**
"Thaispeáin Bismarck gur mhó an scil pholaitiúil a bhí aige i gcúrsaí eachtracha ná mar a bhí aige i gcúrsaí baile."
Déan plé ar sin.
(80)

**C.2. Leathnú na hEorpa thar lear**
Cén fáth ar leathnaigh tíortha Eorpacha a gcuid cumhachta thar lear i rith na tréimhse, 1870 – 1914, agus cén chaoi a raibh tionchar ag an leathnú sin ar an Eoraip?
(80)

**C.3. Caidreamh Angla-Ghearmánach**
Déan trácht ar an gcaidreamh idir an Bhreatain Mhór agus an Ghearmáin sa tréimhse, 1890 – 1914.
(80)

**C.4. An Impireacht Ostra-Ungárach**
Déan plé ar an gcaoi a raibh tionchar ag an náisiúnachas ar an Impireacht Ostra-Ungárach, 1870 – 1918.
(80)

**C.5. Lenin**
Déan plé ar an bpáirt a bhí ag Lenin i stair na Rúise.
(80)

## D

**D.1.** **Stair Eacnamaíoch**
Déan plé ar fhorbairtí eacnamaíocha san Eoraip (cé is moite den Aontas Sóivéadach) sa tréimhse, 1919 – 1939 **nó** sa tréimhse, 1945 – 1966.
(80)

**D.2.** **An Faisisteachas san Eoraip**
Déan plé ar phríomh-thréithe an Fhaisisteachais Eorpaigh sa tréimhse idir na cogaí.
(80)

**D.3.** **Hitler**
Déan plé ar pholasaí eachtrach Hitler idir 1933, nuair a tháinig sé i gcumhacht, agus 1941, nuair a rinne an Ghearmáin ionradh ar an Aontas Sóivéadach.
(80)

**D.4.** **An Eoraip, 1945 - 1966**
Déan plé ar Konrad Adenauer **nó** ar Nikita Khrushchev mar cheannaire náisiúnta **agus** mar státaire idirnáisiúnta.
(80)

**D.5.** **Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Eoraip**
Déan plé ar an bpáirt a ghlac na Stáit Aontaithe i gcúrsaí na hEorpa idir 1941, nuair a chuaigh na Meiriceánaigh isteach sa Dara Cogadh Domhanda, agus 1966.
(80)

## E

**E.1.** **Éire, 1868 – 1966**
**Ábhar Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar taighde i stair na hÉireann, 1868 – 1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **A** agus i Roinn **B.**
(56)

**(ii)** Ainmnigh go hiomlán **DHÁ** fhoinse a scrúdaigh tú i do chuid taighde agus tabhair breithmheas gairid ar cheann **AMHÁIN** díobh.
(14)

**(iii)** Ainmnigh **DHÁ** scil de chuid an staraí atá faighte agat as taighde a dhéanamh ar d'ábhar agus taispeáin mar a chuir tú na scileanna sin i bhfeidhm.
(10)

**E.2.** **Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Isaac Butt.
**(ii)** An Bhantiarna Gregory agus Amharclann na Mainistreach.
**(iii)** Na Léinte Gorma.
**(iv)** An Chéad Rialtas Idirpháirtí, 1948 – 1951.
**(v)** Na meáin chumarsáide in Éirinn, 1922 – 1966.
(80)

**E.3.** **An Eoraip, 1870 – 1966**
**Ábhár Taighde**

**(i)** Scríobh cuntas ar ábhar taighde i stair na hEorpa, 1870 – 1966, a bhfuil staidéar speisialta déanta agat air ach **nach bhfuil tú tar éis a úsáid** sna freagraí i Roinn **C** agus i Roinn **D.**
(56)

**(ii)** Ainmnigh go hiomlán **DHÁ** fhoinse a scrúdaigh tú i do chuid taighde agus tabhair breithmheas gairid ar cheann **AMHÁIN** díobh.
(14)

**(iii)** Ainmnigh **DHÁ** scil de chuid an staraí atá faighte agat as taighde a dhéanamh ar d'ábhar agus taispeáin mar a chuir tú na scileanna sin i bhfeidhm.
(10)

**E.4.** **Aiste**
Scríobh aiste ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(i)** Leasuithe sa Bhreatain Mhór, 1870 – 1914.
**(ii)** Forbairtí polaitiúla agus sóisialta sa Ghearmáin faoin Kaiser Wilhelm II.
**(iii)** Forbairtí i gcúrsaí cogaíochta i rith an Chéad Chogaidh Dhomhanda.
**(iv)** Réimeas Stalin san Aontas Sóivéadach (go dtí 1941).
**(v)** Charles de Gaulle.
(80)

Leathanach Bán